Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 19 Deireadh Fómhair 2026
(OR. en)

14603/26

SOC 669
ANTIDISCRIM 96

TORADH NA nIMEACHTAÍ

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig:	na toscaireachtaí
Uimh. an doic. roimhe seo:	14386/26
Ábhar:	Conclúidí ón gComhairle maidir leis an gComhionannas mar spreagadh don fhás eacnamaíoch agus don iomaíochas san Aontas

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, na Conclúidí ón gComhairle maidir leis an ábhar thuasluaite mar a d'fhormheas Comhairle EPSCO iad ag an gcruinniú a bhí aici an 19 Deireadh Fómhair 2026.[1]

[1] Cuireadh mioncheartúcháin eagarthóireachta isteach sa téacs.

IARSCRÍBHINN

Conclúidí ón gComhairle maidir leis
an gcomhionannas mar spreagadh don fhás eacnamaíoch agus don iomaíochas san Aontas

AGUS AN MÉID SEO A LEANAS Á MHEABHRÚ AICI:

1. Is bunluachanna den Aontas Eorpach iad an comhionannas agus an neamh-idirdhealú, mar a chumhdaítear i gConarthaí an Aontais Eorpaigh agus i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh.

2. Faoi chuimsiú na haidhme sonraithe atá aige Aontas Comhionannais a thógáil, tá straitéisí tarraingthe suas ag an gCoimisiún arb é is aidhm dóibh an t-idirdhealú a chomhrac, deireadh a chur le bacainní ar rannpháirtíocht, agus comhionannas agus cuimsiú a chothú. Tá creat cuimsitheach de ghníomhartha reachtacha glactha ag an Aontas freisin lena gcuirtear comhionannas chun cinn agus lena gcuirtear toirmeasc ar idirdhealú.

3. Sainaithnítear i gColún Eorpach na gCeart Sóisialta agus sa Phlean Gníomhaíochta lena mbaineann an comhionannas deiseanna, an comhionannas inscne, cosc na bochtaineachta agus an eisiaimh shóisialta, cuimsiú daoine faoi mhíchumas agus oideachas agus cúram luath-óige atá ar ardchaighdeán agus inacmhainne mar phrionsabail atá ina mbunchlocha ag an iomaíochas agus ag samhail fáis inbhuanaithe chuimsitheach. Sa Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le Colún Eorpach na gCeart Sóisialta an 22 Iúil 2026, sainaithnítear neamhionannais, cothroime agus comhdheiseanna mar réimsí tosaíochta le haghaidh tuilleadh gníomhaíochta agus cuirtear i dtábhacht gur bacainní struchtúracha ar chomhtháthú, athléimneacht, nuálaíocht agus iomaíochas an Aontais iad neamhionannais leanúnacha.

4. Cuirtear béim i Straitéis an Choimisiúin in aghaidh na Bochtaineachta agus sa Ráthaíocht Eorpach neartaithe do Leanaí ar a shuntasaí agus a ilghnéithí atá an costas atá ag baint le heaspa gníomhaíochta chun an bhochtaineacht a chomhrac. Baineann an bhochtaineacht an bonn den chomhtháthú sóisialta, de dhea-bhail leanaí agus de chomhionannas deiseanna, lagaíonn sí an daonlathas agus cuireann sí bac ar acmhainn eacnamaíoch na hEorpa. Cuireann sí freisin le tarchur an mhíbhuntáiste ó ghlúin go glúin. Le claontacht agus stiogma is féidir grúpaí sonracha a chur faoi mhíbhuntáiste ón tús agus ar feadh an tsaoil. Is mó an baol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta do mhná, do leanaí agus do ghrúpaí atá i staideanna leochaileacha ná do dhaoine eile.

5. I Straitéis an Choimisiúin chun cur i bhfeidhm na Cairte um Chearta Bunúsacha san Aontas Eorpach 2020-2030 a neartú, athdhearbhaítear an gealltanas a áirithiú go gcuirfidh institiúidí an Aontais agus na Ballstáit an Chairt i bhfeidhm a mhéid is féidir.

6. I gCompás Iomaíochais an Choimisiúin don Aontas Eorpach, sa Teachtaireacht maidir le hAontas na Scileanna agus sa Treochlár um Poist Dea-Cháilíochta (lena réitítear an bealach do Ghníomh um Poist ar Ardchaighdeán atá ar na bacáin), cuirtear i bhfios go láidir gurb iad muintir na hEorpa is bonn le neart iomaíoch na hEorpa. Tugtar faoi deara sa Chompás Iomaíochais go bhfuil sé ríthábhachtach dálaí a chruthú ina mbeidh an t-ionchas céanna ag gach duine go mbeidh rath orthu. Aithnítear ann na bacainní iomadúla agus éagsúla ar dhul isteach agus fanacht i margadh an tsaothair atá roimh mhná, daoine óga agus saoránaigh scothaosta ar mian leo leanúint de bheith gníomhach go heacnamaíoch, chomh maith le daoine faoi mhíchumas agus grúpaí eile faoi ghannionadaíocht.

7. Cuirtear i dtábhacht sa Tuarascáil Ardleibhéil le Enrico Letta maidir le Todhchaí an Mhargaidh Aonair agus sa Tuarascáil le Mario Draghi maidir le hIomaíochas na hEorpa go múnlaíonn a bunchlocha sóisialta, bonn scileanna agus cuimsiú na dtallann uile neart eacnamaíoch na hEorpa níos mó agus níos mó. Leagtar béim i dTuarascáil Draghi ar a riachtanaí atá sé go ndéanfaí iarrachtaí an Aontais chun barr feabhais a chur ar a bhuntáiste iomaíoch faoi threoir luachanna Eorpacha, ar cheart iad a threisiú a thuilleadh lena ghníomhaíocht. Agus é á aithint go gcuireann an t-idirdhealú leanúnach a dhéantar ar ghrúpaí sonracha, cibé acu mar gheall ar inscne, míchumas, eitneacht, nó tosca eile, bac ar a rannpháirtíocht iomlán sa Mhargadh Aonair agus go mbaineann sé an bonn den ghealltanas maidir le deiseanna do chách, iarrtar i dTuarascáil Letta gníomhaíochtaí spriocdhírithe, cistiú athnuaite, agus faireachán mionchúiseach chun deireadh a chur le bacainní sistéamacha. Leis an treochlár 'Aon Eoraip Amháin, Aon Mhargadh Amháin', a shínigh an Chomhairle, an Coimisiún Eorpach agus Parlaimint na hEorpa, cuirtear treoirphlean ar fáil chun dul chun cinn cinntitheach a bhaint amach maidir le hiomaíochas na hEorpa a neartú.

AGUS AN MÉID SEO A LEANAS Á AITHINT ACU:

8. Tá sé ríthábhachtach d'ionchais eacnamaíocha an Aontais Eorpaigh an t-iomaíochas, an inbhuanaitheacht agus an táirgiúlacht a neartú.

9. Léirítear i dtorthaí thuarascáil 2025 maidir le Fostaíocht agus Forbairtí Sóisialta san Eoraip[2] go bhfuil thart ar 51 mhilliún duine in aois oibre fós lasmuigh de mhargadh an tsaothair, lena n-áirítear thart ar 32 mhilliún bean.

10. Tá an t-idirdhealú agus neamhionannais, lena n-áirítear neamhionannais inscne, fós ina mbacainní struchtúracha ar rannpháirtíocht iomlán chomhionann fhóinteach sa mhargadh saothair. Trí leas a bhaint as acmhainneacht an daonra ar fad, lena n-áirítear trína áirithiú go mbeidh comhionannas deiseanna ag gach duine páirt iomlán a ghlacadh sa saol eacnamaíoch, polaitiúil, cultúrtha agus sóisialta, rannchuideofar le sochaí níos iomaíche, níos cuimsithí agus níos comhtháite a thógáil, agus ar an gcaoi sin, déanfar an athléimneacht dhaonlathach a threisiú.

---

[2] Fostaíocht agus Forbairtí Sóisialta san Eoraip 2025 — Fostaíocht, Gnóthaí Sóisialta & Cuimsiú

An Comhionannas mar Chumasóir Iomaíochais

11. Ní hamháin go bhfuil an neamh-idirdhealú agus an comhionannas, lena n-áirítear comhionannas inscne, ríthábhachtach chun cearta uile an duine agus saoirsí bunúsacha a bhaint amach agus a chosaint, ach tá siad ríthábhachtach freisin mar chumasóirí eacnamaíocha fíor-riachtanacha a rannchuidíonn go díreach le rannpháirtíocht, táirgiúlacht agus nuálaíocht níos airde sa mhargadh saothair. Nuair a bhíonn bacainní roimh dhaoine maidir le fostaíocht, ceannaireacht, fiontraíocht nó forbairt scileanna, teipeann ar gheilleagair leas iomlán a bhaint as an gcaipiteal daonna atá ar fáil. Trí lucht saothair éagsúil a chothú agus trína áirithiú go mbeidh comhionannas deiseanna ag gach duine chun a scileanna a fhorbairt agus barr a gcumais a bhaint amach, déanann an tAontas Eorpach buntáiste iomaíoch dá luachanna.

12. De réir Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, go háirithe Airteagal 21 de, 'toirmiscfear aon idirdhealú atá bunaithe ar aon fhoras amhail gnéas, cine, dath, tionscnamh eitneach nó sóisialta, airíonna géiniteacha, teanga, reiligiún nó creideamh, tuairim pholaitiúil nó eile, ballraíocht i mionlach náisiúnta, maoin, breith, míchumas, aois nó treoshuíomh gnéasach.' Rinne Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (CBAE) foráil freisin maidir le cásdlí lena léirmhínítear na forais idirdhealaithe sin. Is minic a thug an Chomhairle dá haire gurb ann don idirdhealú, agus na forais éagsúla ar ar féidir é a fhulaingt, lena n-áirítear na saintréithe a chuimsítear sna forais sin. Chomh maith leis sin, thug Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha, an Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne, Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa, Coiste Eorpach na Réigiún agus Eurofound dá n-aire nó rinne siad doiciméadú ar idirdhealú a bheith ann san Aontas ar na forais sin, lena n-áirítear idirdhealú bunaithe ar shaintréithe ar nós féiniúlacht inscne.

13. Léirigh ECFE[3] go n-eascraíonn costais shuntasacha phearsanta, shóisialta agus eacnamaíocha as idirdhealú ar fhorais eitneachta, cine, reiligiúin, mhíchumais, aoise, ghnéaschlaonta agus féiniúlachta inscne agus go gcuireann sé bac ar chomhionannas deiseanna, mar gheall ar an méid seo a leanas

a. laghdaítear an acmhainn eacnamaíoch agus an comhtháthú sóisialta trí thionchar diúltach a imirt ar fhostaíocht, ioncam, gnóthachtáil oideachais, rannpháirtíocht pholaitiúil agus shibhialta agus ar shláinte[4], agus

b. cruthaítear dúshláin don rialtas de dheasca caiteachas poiblí méadaithe, lena n-áirítear caiteachas maidir le soláthar seirbhísí mar shampla cúram sláinte, cúram fadtéarmach agus tacaíocht shóisialta, agus de dheasca ioncam caillte a eascraíonn as éifeacht iolraitheora a bhíonn ag pá níos ísle ar thomhaltas agus ar ioncam cánach.

14. Os a choinne sin, trí chomhionannas a chur chun cinn, neartaítear an comhtháthú sóisialta, agus tairbhí eacnamaíocha á nginiúint ag an am céanna.[5] Mar shampla, léiríonn sonraí ECFE go gcuireann feabhas ar an gcomhionannas ioncaim borradh faoi fhás fadtéarmach OTI.[6]

15. Agus iarracht á déanamh cur chuige fianaisebhunaithe a fhorbairt maidir le hiomaíochas a mhéadú, is féidir feabhas a chur ar cheapadh agus ar chur i gcrích beartas lena gcuirtear comhionannas deiseanna ar fáil do chách trí úsáid éifeachtach a bhaint as na sonraí uile atá ar fáil agus trí fheabhas a chur ar bhailiú, ar phróiseáil, ar dhí-chomhiomlánú agus ar anailís sonraí i ndáil le comhionannas agus neamh-idirdhealú, lena n-áirítear trí idirdhealú trasnach a chur san áireamh agus trí rochtain ar shonraí riaracháin a fheabhsú. Is féidir léargais thábhachtacha a fháil trí fhaisnéis faoin margadh saothair agus réamhaisnéis scileanna freisin.

---

3 ECFE, *Combatting Discrimination in the European Union*, 2025
4 ECFE, *Combatting Discrimination in the European Union*, 2025
5 Seirbhís Taighde Pharlaimint na hEorpa (2023),Breisluach Eorpach a mhéadú i ré na ndúshlán domhanda – Costas na neamh-Eorpa a mhapáil (2022-2032), EPRS_STU(2023)734690_EN.pdf
6 ECFE (2015), *In It Together: Why Less Inequality Benefits All* , Foilsitheoireacht ECFE

16.[7] Tá an baol ann go ndéanfaidh neamhionannais leanúnacha maidir le rochtain ar thorthaí oideachais agus foghlama ar gach leibhéal míbhuntáistí a dhaingniú ó ghlúin go glúin, comhtháthú sóisialta a lagú agus acmhainn eacnamaíoch fhadtéarmach na hEorpa a laghdú trí theorainn a chur leis na deiseanna atá ag daoine aonair páirt iomlán chomhionann fhóinteach a ghlacadh sa tsochaí agus sa mhargadh saothair. Tá beartais oideachais náisiúnta spriocdhírithe agus aistrithe sóisialta leordhóthanacha fíor-riachtanach chun dul i ngleic leis na neamhionannais sin.

17. I réimse an Chomhionannais Inscne,

a. Cé go bhfuil dul chun cinn áirithe déanta le 10 mbliana anuas, tá rátaí pá agus fostaíochta níos ísle fós ag mná ná mar atá ag fir agus tá siad fós faoi ghannionadaíocht i bpoist cheannaireachta agus chinnteoireachta, lena n-áirítear poist sa pholaitíocht. Tá sé ríthábhachtach leas a bhaint as acmhainn na mban uile mar oibrithe, mar fhiontraithe agus mar cheannairí ar mhaithe le fás eacnamaíoch an Aontais. Tá baint ag an gcomhionannas inscne i róil ceannaireachta corparáidí le feidhmíocht níos láidre i gcuideachtaí[8]. D'fhéadfadh tionchair thairbheacha a bheith aige freisin ar athléimneacht geilleagar i leith athruithe struchtúracha, amhail an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach.[9]

b. D'fhéadfadh feabhsuithe suntasacha ar an gcomhionannas inscne suas le 10.5 milliún post a ghiniúint agus ráta fostaíochta an Aontais a ardú go 80 % faoi 2050[10]. Sa bhreis ar chomhlíonadh an ghá leis an gcomhionannas inscne a chothú mar cheart bunúsach, is réamhriachtanas é cur chun cinn an chomhionannais inscne don fhás inbhuanaithe, don athléimneacht dhaonlathach agus don iomaíochas fadtéarmach. Go deimhin, is infheistíocht ardtoraidh í, a d'fhéadfadh OTI per capita an Aontais a mhéadú suas le 9,6 %, arb ionann é agus EUR 3,15 trilliún faoi 2050.

---

7 Féach an Rún ón gComhairle maidir leis an dara timthriall den chreat straitéiseach le haghaidh comhar Eorpach san oideachas agus san oiliúint i dtreo an Limistéir Eorpaigh Oideachais (2026-2030).

8 Féach e.g. S&P Global. (2019). *Although Still Underrepresented, Women in C-suite are Driving Profitability*

9 An Coimisiún Eorpach (2022), *The Macro Economic Benefits of Gender Equality* [Sochair mhacra-eacnamaíocha an chomhionannais inscne] Anne Kingma agus Anneleen Vandeplas, Nóta Eacnamaíoch 071, Márta 2022

10 Féach an foilseachán ar shuíomh gréasáin EIGE dar teideal Sochair Eacnamaíocha an Chomhionannais Inscne san Aontas Eorpach | an Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne

c. Chun aghaidh a thabhairt ar bhearnaí agus neamhionannais leanúnacha idir na hinscní, in 2025, ghlac an Coimisiún Eorpach an Treochlár um Chearta na mBan, chomh maith leis an Dearbhú prionsabal maidir le sochaí atá comhionann ó thaobh inscne de a ghabhann leis, ar fhormhuinigh na Ballstáit uile é. Leagtar amach i Straitéis an Choimisiúin um Chomhionannas Inscne 2026-2030 gníomhaíochtaí chun ocht bprionsabal an Treochláir a chur chun feidhme.

d. Tá sé ríthábhachtach na bearnaí idir na hinscní san fhostaíocht[11], in uaireanta oibre[12], i bpá[13] agus i bpinsin[14] a dhúnadh chun neamhspleáchas eacnamaíoch agus neamhthuilleamaíocht ar feadh an tsaoil a áirithiú do mhná, chun na grúpaí is mó atá i mbaol bochtaineachta a chosaint agus chun deireadh a chur leis an mbochtaineacht; chuige sin, is gá aghaidh a thabhairt ar thosca struchtúracha mar shampla dáileadh éagothrom cúraim agus tacaíochta gan íocaíocht, steiréitíopaí inscne, leithscaradh gairme agus foréigean inscnebhunaithe i gcoinne na mban. Tá an bhearna fostaíochta idir na hinscní, mar shampla, thar a bheith suntasach i gcás grúpaí amhail máithreacha (go háirithe máithreacha aonair), mná a thugann cúram do ghaolta scothaosta, mná a bhfuil défhreagracht cúraim orthu, mná scothaosta, mná imirceacha, mná a ndéantar idirdhealú eitneach agus ciníoch orthu (lena n-áirítear mná Romacha[15]), mná faoi mhíchumas, agus mná i gceantair thuaithe agus sna réigiúin is forimeallaí. Bíonn tionchar ag bristeacha gairme a bhaineann le freagrachtaí cúraim agus obair pháirtaimseartha ar an mbearna phinsin idir na hinscní. Is é an toradh a bhíonn ar an mbearna sin go mbíonn pinsin níos ísle ag mná scothaosta agus go mbíonn baol bochtaineachta níos airde ina measc ná mar a bhíonn i measc na bhfear.

---

11 Bhí ráta fostaíochta na bhfear in aois oibre san Aontas in 2024 10.0 pointe céatadáin níos airde ná ráta fostaíochta na mban. Féach an leathanach gréasáin de chuid Eurostat dar teideal Staidreamh inscne - Míniú ar Staidreamh - Eurostat

12 ECFE, *Gender Equality and Economic Growth: Past progress and future potential*, Páipéir Oibre Sóisialta, Fostaíochta agus Imirce ECFE Uimh. 304, 2024

13 Is é 11.1 % an mheánbhearna phá idir na hinscní san Aontas. Féach an leathanach gréasáin de chuid Eurostat dar teideal Staitisticí maidir leis an mbearna phá idir na hinscní – Míniú ar na Staitisticí – Eurostat (2024)

14 Is é 24.5 % an mheánbhearna phinsin idir na hinscní san Aontas. Féach an leathanach gréasáin de chuid Eurostat dar teideal Pinsean na mBan 25 % níos ísle ná pinsean na bhfear in 2024 – Ailt nuachta – Eurostat

15 Agus aitheantas á thabhairt don éagsúlacht atá ann i measc na Romach, úsáidtear an téarma 'Romach' mar scáth-théarma chun tagairt a dhéanamh do roinnt grúpaí éagsúla de thionscnamh Romach ar nós na Romach, na Sintíoch, na Kale, na nGiofóg, na Romanichel agus na Boyash/Rudari. Cuimsítear leis freisin grúpaí ar nós na nAisceailíoch, na nÉigipteach, grúpaí ón Oirthear (lena n-áirítear na grúpaí Dom, Lom, Rom, agus Abdal), chomh maith le pobail den lucht siúil, lena n-áirítear daoine ar den lucht siúil iad ó thaobh eitneachta de, an pobal Iéineach nó iad siúd arna n-ainmniú faoin téarma riaracháin '*Gens du voyage*', agus daoine a dhéanann iad féin a shainaithint ina nGiofóga, ina Tsiganes nó ina Tziganes, gan saintréithe sonracha na ngrúpaí sin a shéanadh.

e. Áirítear ar na bearta atá ann cheana chun bearnaí inscne a laghdú bearta maidir le cothromaíocht oibre is saoil amhail na cinn siúd a leagtar amach sa Treoir maidir le Cothromaíocht Oibre agus Saoil ((AE) 2019/1158), an Treoir maidir leis an gCothromaíocht Inscne a Fheabhsú i measc Stiúrthóirí Cuideachtaí arna Liostú ((AE) 2022/2381) agus forálacha agus beartais dhlíthiúla maidir le pá comhionann agus dálaí oibre lena n-áirítear an Treoir maidir le Trédhearcacht Pá ((AE) 2023/970), chomh maith le bearta chun gach cineál foréigin inscnebhunaithe in aghaidh na mban a chosc agus a chomhrac, rud atá fós ina bhac mór ar rannpháirtíocht iomlán chomhionann fhóinteach na mban i margadh an tsaothair; áirítear ar na bearta atá ann cheana chun foréigean a chomhrac na bearta sin a leagtar amach i dTreoir (AE) 2024/1385 maidir le foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chomhrac.

f. Dírítear aird in anailís a rinne Eurofound freisin ar an úsáid is féidir a bhaint as ionstraimí trédhearcachta pá mar uirlis straitéiseach chun borradh a chur faoin iomaíochas trí fháil agus coinneáil tallainne a fheabhsú, trí fheidhmíocht fostaithe a mhéadú, agus trí ghlacadh teicneolaíochta agus forbairt an lucht saothair a éascú.[16]

[16] Féach an leathanach gréasáin de chuid Eurofound dar teideal Marana a dhéanamh:Taithí bhreise ar chur chun feidhme agus éifeachtacht trédhearcachta pá idir na hinscní] | Eurofound]

g. Tá sé léirithe ag Eurofound go gcuireann socruithe leordhóthanacha maidir le ham oibre agus bonneagar sóisialta tacúil ar chumas daoine cothromaíocht oibre agus saoil níos fearr a bheith acu agus páirt níos iomláine a ghlacadh sa mhargadh saothair, agus go mbíonn tairbhí ann do ghnólachtaí agus don tsochaí i gcoitinne, mar aon leis na hoibrithe féin[17]. Mar a tugadh le fios i Straitéis an Choimisiúin um Chomhionannas Inscne, bíonn deacrachtaí ag go leor ban a saol gairmiúil agus a saol príobháideach a thabhairt le chéile, toisc go dtiteann sciar díréireach de na freagrachtaí cúraim agus teaghlaigh gan íocaíocht orthu i gcónaí. Sa chomhthéacs sin, má táthar leis na dálaí a chruthú le haghaidh comhionannas deiseanna maidir le rochtain ar an margadh saothair, lena n-áirítear deiseanna do gach cúramóir, ní mór na heispéiris éagsúla saoil a bhaineann le toircheas, máithreachas, atharthacht agus tuismíocht a chur san áireamh, chomh maith leis na heispéiris a bhaineann le cúram a thabhairt do dhaoine scothaosta agus do chleithiúnaithe eile.

h. Déanann mná sciar díréireach den obair chúraim gan íocaíocht agus den obair tí ar feadh an tsaoil, rud atá ar na príomhchúiseanna a n-oibríonn mná go páirtaimseartha nó a mbíonn siad neamhghníomhach go heacnamaíoch. Tá mná faoi ró-ionadaíocht i ngairmeacha cúraim freisin.[18] Meastar go dtiocfaidh méadú ar an éileamh ar chúram san Aontas[19] mar gheall ar thosca amhail an t-athrú déimeagrafach agus brúnna i margadh an tsaothair. Ós rud é gur cuid fhíor-riachtanach den bhonneagar sóisialta iad seirbhísí cúraim, tá infheistíocht san earnáil sin ríthábhachtach chun iomaíochas agus comhionannas inscne a áirithiú.

---

17 Eurofound (2026), *European Working Conditions Survey 2024: Overview report* [Suirbhé ar Dhálaí Oibre san Eoraip, 2024: Tuarascáil forléargais], Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, Lucsamburg.

18 Eurofound*, Advancing towards a care society: addressing the gender care gap* [Dul chun cinn a dhéanamh i dtreo sochaí chúraim: aghaidh a thabhairt ar an mbearna chúraim idir na hinscní] Aibreán 2025

19 Eurofound (2025), *Unpaid care in the EU* [Obair chúraim gan íocaíocht san Aontas], Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, Lucsamburg

i. Agus feabhas á chur ar thorthaí do leanaí agus do dhaoine eile a bhfuil cúram de dhíth orthu, bíonn tionchar dearfach láidir ag infhaighteacht oideachais agus chúram na luath-óige agus iad inacmhainne, inrochtana agus ar ardchaighdeán, chomh maith le seirbhísí cúraim fhadtéarmaigh agus tacaíochta ar ardchaighdeán, ar staid fostaíochta tuismitheoirí agus cúramóirí, go háirithe mná. Maidir le beartais saoire cúraim agus bearta eile chun an saol oibre, saol an teaghlaigh agus an saol príobháideach a thabhairt chun réitigh, lena n-áirítear bearta chun comhroinnt chothrom na hoibre cúraim agus tacaíochta gan íocaíocht idir mná agus fir a chur chun cinn, tá siad ríthábhachtach freisin toisc go gcuireann siad le comhtháthú sóisialta, le forbairt dhéimeagrafach inbhuanaithe, le hathléimneacht mhargadh an tsaothair agus le hiomaíochas fadtéarmach an Aontais Eorpaigh.

j. Bíonn tionchar diúltach ag an mbearna infheistíochta idir na hinscní[20], arb iad bacainní struchtúracha, iompraíochta agus institiúideacha is cúis léi, ar fhiontraíocht agus ar dheiseanna ceannaireachta na mban, rud a chuireann bac ar acmhainn nuálaíochta na hEorpa. Tá sé léirithe sa taighde go bhfuil gnólachtaí nuathionscanta faoi stiúir na mban níos rathúla agus níos athléimní go heacnamaíoch agus go gcabhródh sciar níos airde de ghnólachtaí nuathionscanta faoi stiúir na mban leis an nuálaíocht.[21] Mar sin féin, tá dáileadh an chaipitil fiontair an-éagothrom ar fad faoi láthair: as gach EUR 100 a infheistítear, tugtar níos lú ná EUR 3 d'fhoirne atá faoi stiúir ban. Chun aghaidh a thabhairt ar an mbearna infheistíochta idir na hinscní, ní mór dul i ngleic le claontacht inscne sa chinnteoireacht airgeadais agus feabhas a chur ar rochtain na mban ar líonraí gnó agus ar infheisteoirí.

---

[20] An Coimisiún Eorpach, *The Gender Investment Gap affecting women-led companies and women-led investment funds* [An Bhearna Infheistíochta idir na hInscní a dhéanann difear do chuideachtaí atá faoi stiúir ban agus do chistí infheistíochta atá faoi stiúir ban], Deireadh Fómhair 2025

[21] An Banc Eorpach Infheistíochta, Tacaíocht d'fhiontraithe mná: Fianaise shuirbhé ar an bhfáth a bhfuil ciall léi https://www.eib.org/en/publications/online/all/finance-female-entrepreneurs

k. Tá impleachtaí forleathana ag dul chun cinn tapa na teicneolaíochta digití agus na hintleachta saorga do thodhchaí na hoibre. D'fhéadfadh tionchar dearfach a bheith aige agus is féidir é a úsáid go gníomhach chun comhionannas inscne a chur chun cinn i ngach réimse agus chun bearnaí sistéamacha a dhúnadh. Chun an acmhainneacht sin a bhaint amach, ní mór rannpháirtíocht na mban i bhforbairt agus in úsáid IS a chur chun cinn freisin, rud a chuirfidh ar a gcumas an teicneolaíocht sin a mhúnlú go gníomhach agus rannchuidiú leis an nuálaíocht agus le hiomaíochas an Aontais. Mar sin féin, tá sé tábhachtach go mbeidh uirlisí amhail earcaíocht atá bunaithe ar IS agus bainistiú na n-oibrithe iontaofa agus go ndéanfar iad a dhearadh, a úsáid agus a fhaire ar bhealach atá freagrúil ó thaobh inscne de agus atá dírithe ar an duine. Is éard a bheadh i gceist leis sin cur chuige 'sábháilteacht trí dhearadh', formhaoirseacht dhaonna éifeachtach, gné chearta an duine, príomhshruthú inscne, measúnú rialta ar chlaontacht, forbairt córas IS neamh-idirdhealaitheach, agus úsáid bhainistithe sonraí ardcháilíochta ionadaíocha. Gan coimircí iomchuí, d'fhéadfadh an teicneolaíocht dhigiteach agus uirlisí IS dochar a dhéanamh don chomhionannas agus an chlaontacht agus an t-idirdhealú ar fhorais éagsúla a mhéadú, steiréitíopaí inscne, neamhionannais inscne agus deighiltí digiteacha atá ann cheana a bhuanú, agus claontacht inscne agus claontachtaí trasnacha eile a threisiú. Tá sé tábhachtach ní hamháin go mbeadh inniúlachtaí teicniúla ag úsáideoirí ach go gcuirfí oiliúint orthu freisin maidir leis an idirdhealú a chomhrac. Tá sé ríthábhachtach a áirithiú go mbeidh an t-aistriú digiteach inscne-fhreagrúil má tá an Eoraip chun éagothromaíochtaí atá ann cheana in earnálacha atá ag teacht chun cinn a sheachaint agus chun an linn tallainne is gá le haghaidh iomaíochas faoi stiúir na nuálaíochta a leathnú.

l. Mar a thug an Chomhairle dá haire sna Conclúidí uaithi maidir leis an 'gcibearfhoréigean in aghaidh cailíní a chosc agus a chomhrac', tá sé tábhachtach mná agus cailíní a chosaint ar líne, lena n-áirítear i gcoinne foréigean atá bunaithe ar an intleacht shaorga. Tá iarmhairtí suntasacha sóisialta, polaitiúla agus eacnamaíocha ag an gcibearfhoréigean in aghaidh na mban agus na gcailíní, agus is bagairt ar an daonlathas agus ar an iomaíochas é dá réir.

m. Thairis sin, i bhfianaise leithscaradh gairme cothrománach agus ingearach leanúnach mhargadh saothair an Aontais, is dócha go mbeidh tionchair éagsúla ar mhná agus ar fhir ag athruithe teicneolaíochta. Mar shampla, cé gur féidir le méadú na cianoibre de thoradh na digiteála níos mó solúbthachta a thabhairt do mhná, is féidir leis steiréitíopaí inscne agus patrúin éagothroma i roinnt na hoibre cúraim agus teaghlaigh a threisiú freisin. Gan bearta spriocdhírithe chun steiréitíopaí inscne a chomhrac agus chun rochtain chomhionann ar oideachas agus ar phoist i réimsí ETIM[22] agus ar scileanna digiteacha agus IS a áirithiú, le tacaíocht ón oideachas agus ó dheiseanna ar feadh an tsaoil le haghaidh athsciliú agus uas-sciliú, chomh maith le bearta chun coinneáil agus dul chun cinn gairme na mban in ETIM a fheabhsú, tá an baol ann go méadófar éagothromaíochtaí earnála agus an bhearna dhigiteach idir na hinscní. De réir na hInstitiúide Eorpaí um Chomhionannas Inscne (EIGE), dá ndúnfaí an bhearna idir na hinscní in ETIM, chuirfí le méadú ar OTI arbh fhiú EUR 820 billiún é agus chruthófaí suas le 1 200 000 post faoi 2050.[23] Tá sé ríthábhachtach freisin rochtain chomhionann ar réimsí SORL[24] a áirithiú agus níos mó fear a spreagadh chun gairmeacha san earnáil sin agus gairmeacha cúraim eile a roghnú. Le cur chuige inscne-fhreagrúil maidir le scileanna agus beartais ETIM agus SORL, is féidir tacú leis an gcomhionannas agus leis an iomaíochas araon tríd an leithscaradh a laghdú, tríd an gcomhoiriúnú idir scileanna agus riachtanais mhargadh an tsaothair a fheabhsú, agus trí earnálacha atá ag teacht chun cinn a dhéanamh níos cuimsithí agus níos inbhuanaithe.

---

22 Eolaíocht, teicneolaíocht, innealtóireacht agus matamaitic.

23 Na Tairbhí Eacnamaíocha a ghabhann le Comhionannas Inscne san Aontas Eorpach | An Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne

24 Sláinte, oideachas, riarachán, litearthacht.

18. I réimse an chomhionannais LADTI[25],

a. Leis an tríú suirbhé LADTIA a rinne Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha (FRA) léiríodh 'sa lá atá inniu ann san Aontas, go bhfulaingíonn go leor díobh siúd a bhfuil gnéaschlaonadh acu, amhail daoine leispiacha, aeracha, déghnéasacha, éighnéasacha nó panghnéasacha, agus/nó féiniúlacht inscne áirithe, mná agus fir thrasinscneacha, daoine neamhdhénártha agus athraitheacha i dtaobh inscne, agus daoine idirghnéasacha a bhfuil saintréithe gnéis éagsúla nó léiriú inscne éagsúil acu, fulaingíonn siad idirdhealú, ciapadh agus foréigean nó leithlisiú agus eisiamh mar gheall go bhfuil siad dílis dóibh féin.' Tharais sin, de réir FRA, d'fhulaing 19 % de na freagróirí idirdhealú san fhostaíocht (ag lorg poist dóibh nó ag an obair). Tagann méadú faoi dhó ar an bhfigiúr sin do mhná trasinscneacha (43 %) agus d'fhir thrasinscneacha (35 %). Léirítear sa suirbhé freisin go ndéantar idirdhealú i réimsí áirithe, mar shampla an t-oideachas, cúram sláinte, tithíocht agus an saol sóisialta.

b. I Straitéis an Choimisiúin um Chomhionannas LADTIA+ 2026-2030 leagtar béim ar an méid a leanas 'trí dhaoine LADTIA+ a chumhachtú... spreagtar fiontraíocht, nuálaíocht agus cothaítear fás eacnamaíoch inbhuanaithe. Mar shampla, tá 'éiceachórais nuálaíochta' níos láidre, dlús níos mó scileanna agus tallainne, leibhéil níos airde fiontraíochta agus cáilíocht saoil níos fearr ag cathracha atá fáilteach roimh dhaoine LADTIA+ agus ina gcuimsítear iad.' (aistriúchán neamhoifigiúil)

---

25 Sa téacs seo, úsáidtear na hacrainmneacha LADTI, LADTIA agus LADTIA+, ag brath ar an téarmaíocht a úsáideadh sa doiciméad, tionscnamh nó réimse beartais sonrach a bhfuiltear ag tagairt dó. De réir Straitéis an Choimisiúin um Chomhionannas LGDTIA+ 2026–2030, 'Is daoine LADTIA+ iad daoine:
• a bhfuil dúil acu i ndaoine den inscne céanna leo féin (leispiach, aerach) nó i ndaoine d'aon inscne (déghnéasach);
• nach gcomhfhreagraíonn a bhféiniúlacht agus/ná a léiriú inscne don ghnéas a tugadh dóibh nuair a rugadh iad (trasinscneach, neamhdhénártha);
• a rugadh le tréithe gnéis nach n-oireann don sainmhíniú traidisiúnta ar fhireann ná ar bhaineann (idirghnéasach);
• nach n-oireann a bhféiniúlacht d'aicmiú dénártha ar ghnéasacht agus/ná ar inscne (aiteach);
• a bhraitheann nach cur síos sonrach ar a ngnéaschlaonadh nó a bhféiniúlacht inscne atá san acrainm LADTIA (an +).'

c. Léiríonn anailís ECFE[26] go bhfuil baint dhearfach ag cuimsitheacht dhlíthiúil LADTI leis an bhforbairt eacnamaíoch agus go n-éiríonn níos fearr le tíortha a thug isteach na cosaintí dlíthiúla is fearr do dhaoine LADTI ó thaobh OTI *per capita* de.

d. Fuarthas amach i staidéar ón mBanc Domhanda maidir leis an gcostas eacnamaíoch a bhaineann le stiogma agus eisiamh daoine LADT[27] gurb é an toradh a bhíonn ar idirdhealú in aghaidh an ghrúpa sin táirgiúlacht agus aschur saothair níos ísle, infheistíocht neamhéifeachtúil i gcaipiteal daonna de dheasca torthaí níos ísle ar an oideachas agus idirdhealú i suíomhanna oideachais, aschur caillte mar thoradh ar éagothromaíochtaí sláinte a bhaineann le heisiamh, agus costais ar sheirbhísí sóisialta agus sláinte mar thoradh ar an ngá le haghaidh a thabhairt ar éifeachtaí an eisiaimh.

19. I réimse an mhíchumais,

a. Le Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas (UNCRPD), a bhfuil na Ballstáit ar fad agus an tAontas in a bpáirtithe ann, cuirtear de cheangal ar na Páirtithe na bearta éifeachtacha uile is gá a dhéanamh chun tairbhiú iomlán agus cothrom chearta an duine agus saoirsí bunúsacha a chur chun cinn, a chosaint agus a áirithiú i gcás daoine faoi mhíchumas trí bhearta agus seirbhísí tacaíochta iomchuí. Sa bhreis ar bhearta chun an t-idirdhealú a chomhrac, áirítear leis sin féinchinntiú a áirithiú do dhaoine faoi mhíchumas, agus inrochtaineacht agus cóiríocht réasúnta a áirithiú i ngach réimse den saol, bunaithe ar phrionsabal an deartha uilíoch, lena n-áirítear i réimsí na fostaíochta, an oideachais, na maireachtála neamhspleáiche, na hoiliúna agus na rochtana ar earraí agus ar sheirbhísí agus ina soláthar sin.

---

26 Over the Rainbow? *The Road to LGBTI Inclusion* | ECFE

27 *The economic cost of stigma and the exclusion of LGBT people : a case study of India*

b. In 2024, ní raibh ach 51.8 % de dhaoine faoi mhíchumas i bhfostaíocht, i gcomparáid le 71.8 % de dhaoine nach bhfuil faoi mhíchumas.[28] Chun go mbeidh daoine faoi mhíchumas in ann roghanna fostaíochta a dhéanamh ar bhonn comhionann le daoine eile, is gá deireadh a chur le bacainní ar a rannpháirtíocht sa mhargadh saothair. I measc na mbacainní a mbíonn tionchar diúltach acu ar an mbearna fostaíochta i gcás daoine faoi mhíchumas tá míthuiscintí maidir leis an gcostas a bhaineann le coigeartuithe san ionad oibre agus le freastal réasúnta a chur ar fáil. Tá easpa oideachais agus oiliúna atá cuimsitheach agus inrochtana (lena n-áirítear uas-sciliú agus athsciliú), earcaíocht, agus dul chun cinn oibre agus gairme ina mbacainní móra freisin ar rannpháirtíocht sa mhargadh saothair. Thairis sin, ní hamháin gur lú an seans go nglacfaidh mná faoi mhíchumas páirt sa lucht saothair[29] ach tá líon díréireach díobh freisin i bhfostaíocht pháirtaimseartha[30], gan rogha acu go minic, agus bíonn tionchar diúltach aige sin ar a neamhspleáchas eacnamaíoch. D'fhéadfadh baol méadaithe foréigin a bheith ann do mhná faoi mhíchumas, rud a mbíonn tionchar diúltach aige freisin ar a neamhthuilleamaíocht airgeadais agus ar a neamhspleáchas eacnamaíoch.

c. Le bearta cur chun feidhme, mar shampla na bearta sin a leagtar amach i bPacáiste Fostaíochta an Choimisiúin le haghaidh daoine faoi mhíchumas a treisíodh le déanaí, is féidir rochtain chomhionann ar phoist ardcháilíochta inbhuanaithe sa mhargadh saothair oscailte a áirithiú do dhaoine faoi mhíchumas, agus ar an gcaoi sin tacú lena neamhspleáchas eacnamaíoch agus lena gcuimsiú sóisialta agus, an tráth céanna, a chur ar a gcumas d'fhostóirí agus do gheilleagair tairbhe a bhaint as linn tallainne níos leithne agus níos éagsúla.

---

28 Féach leathanach gréasáin Eurotstat dar teideal Bearnaí fostaíochta do mhná agus do dhaoine faoi mhíchumas – Ailt nuachta– Eurostat

29 An Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne, Innéacs Comhionannais Inscne

30 Eurofound (2023). *Changing labour markets – How to prevent a mismatch between skills and jobs in times of transition* [Margaí saothair atá ag athrú – Conas mí-oiriúint idir scileanna agus poist a chosc in aimsir an aistrithe], Páipéar cúlra, Eurofound, Baile Átha Cliath

d. Is é is aidhm do Straitéis an Choimisiúin maidir le Cearta Daoine faoi Mhíchumas 2021-2030 agus don Teachtaireacht maidir leis an Straitéis sin a fheabhsú suas go dtí 2030 rannchuidiú le cur chun feidhme UNCRPD. Leagtar béim sa Straitéis ar an ngá le rochtain chomhionann ar phoist ardcháilíochta, ar oideachas, ar mhaireachtáil neamhspleách, ar earraí agus ar sheirbhísí, agus ar an saol cultúrtha, ar spórt, ar thaisteal agus ar ghníomhaíochtaí fóillíochta. Trí inrochtaineacht an oideachais a áirithiú agus a fheabhsú ar gach leibhéal, lena n-áirítear ardoideachas agus gairmoideachas agus gairmoiliúint trí bheartais chuimsitheacha, oiliúint foirne agus seirbhísí tacaíochta láidre[31] agus idirghabhálacha saincheaptha, arna gcomhlánú le fiontraíocht shóisialta dá dtugtar tacaíocht agus cláir spriocdhírithe um aistriú chuig an obair, is féidir cuidiú le leas iomlán a bhaint as acmhainneacht daoine faoi mhíchumas agus a rannpháirtíocht chomhionann i margadh an tsaothair a chur chun cinn.

e. Le teicneolaíochtaí cúnta inacmhainne lena n-áirítear IS cuimsitheach iontaofa, is féidir neamhspleáchas a fheabhsú, tacú leis an gcumarsáid, inrochtaineacht a fheabhsú agus comhionannas deiseanna a chur chun cinn maidir le rannpháirtíocht sa tsochaí, lena n-áirítear oideachas, fostaíocht agus saol an phobail. Tá sé ríthábhachtach a áirithiú go mbeidh uirlisí teicneolaíochta agus an timpeallacht dhigiteach ina hiomláine inrochtana, inacmhainne agus cuimsitheach chun comhionannas deiseanna a chothú i bhforbairt scileanna digiteacha, san athsciliú agus san uas-sciliú. Tá sé tábhachtach an riosca a bhaineann le tionchar idirdhealaitheach IS a aithint, lena n-áirítear mar gheall ar chlaontacht sna sonraí oiliúna agus a áirithiú go ndéanfar cearta daoine faoi mhíchumas a chosaint agus a chur chun cinn i bhforbairt agus in úsáid IS.

f. Trí chearta daoine faoi mhíchumas a bhaint amach, cuirtear ar a gcumas a bheith rannpháirteach go hiomlán sa tsochaí, agus tacaítear lena rannchuidiú lena ngeilleagair áitiúla, mar shampla, tríd an aistriú i dtreo maireachtáil neamhspleách agus cinnteoireacht thacaithe bunaithe ar chearta.

---

[31] An Coimisiún Eorpach, *Inequalities and disabilities research in the EU, Towards a fair and equal access to health, education and employment* [Taighde ar neamhionannais agus ar mhíchumais san Aontas Eorpach, i dtreo rochtain chothrom chomhionann ar shláinte, ar oideachas agus ar fhostaíocht], Deireadh Fómhair 2025

20. I réimse an fhrithchiníochais,

a. Léiríonn an obair a rinne FRA go mbíonn tionchar diúltach ag an gciníochas fós ar gach gné den saol[32] agus bíonn iarmhairtí suntasacha sóisialta agus eacnamaíocha aige ar dhaoine agus ar ghrúpaí atá neamhchosanta ar idirdhealú bunaithe ar thionscnamh ciníoch nó eitneach. Leagtar béim ar an méid sin in obair FRA, trína chuid suirbhéanna agus tuarascálacha maidir le daoine de bhunadh Afracach, Moslamaigh, Giúdaigh, Romaigh, daoine ar de mhionlaigh eitneacha nó chiníocha eile iad, agus daoine a bhfuil cúlra imirceach acu, i measc daoine eile. Mar shampla, is mó seans go mbeidh conarthaí sealadacha ag daoine de bhunadh na hAfraice agus go n-oibreoidh siad i ngairmeacha bunúsacha. Tá an ráta rócháilíochta[33] níos airde do dhaoine de bhunadh na hAfraice ná don phobal i gcoitinne (46 % i gcomparáid le 22 %). Is minic a dhéantar idirdhealú ar Mhoslamaigh, a bhfuil sinsir ag cuid acu sa Mheánoirthear nó san Afraic, agus iad ag lorg oibre (39 %) nó san ionad oibre (35 %). Ina theannta sin, tá beirt as gach cúigear Moslamach (41 %) rócháilithe dá bpost i gcomparáid le 22 % de dhaoine i gcoitinne. Bíonn tionchar díréireach ag an idirdhealú ciníoch ar mhná agus ar chailíní, a mbíonn bacainní comhcheangailte inscne agus ciníochaithe rompu, lena n-áirítear san oideachas, san fhostaíocht agus sa rochtain ar sheirbhísí.

b. Aithnítear i Straitéis Frithchiníochais 2026-2030 an Aontais, ón gCoimisiún, gur infheistíocht straitéiseach in iomaíochas an Aontais é an ciníochas struchtúrach a chomhrac. I staidéar 2025 ón Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (ECFE) meastar go gcosnaíonn idirdhealú ciníoch suas le 12.7 billiún euro ar an Aontas in OTI caillte gach bliain. Ar na tionchair shocheacnamaíocha a eascraíonn as an idirdhealú ciníoch tá rochtain laghdaithe ar fhostaíocht, cruatan airgeadais agus neamhchosaint dhíréireach ard ar idirdhealú, rud a fhágann go bhfuil leibhéil níos ísle slándála eacnamaíche ann do na daoine sin.

---

32 Féach suíomh gréasáin FRA dar teideal Moslamaigh san Eoraip ag féachaint ar thuilleadh ciníochais agus idirdhealaithe | Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha, A bheith gorm san Aontas – Eispéiris daoine de bhunadh na hAfraice | Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha Faireachán agus taifeadadh ar an bhfrithsheimíteachas san Aontas – Staid na himeartha agus bealaí chun cinn | Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha

33 Cion na ndaoine a bhfuil oideachas treasach acu atá fostaithe i ngairmeacha ar bheagán oiliúna nó i ngairmeacha meánoilte

c. Is minic a chaitear go ciníoch le mic léinn ar de mhionlaigh chiníocha nó eitneacha iad sa tslí is go gcuirtear bac ar an rath oideachasúil agus ar a n-acmhainn barr a gcumais a bhaint amach. Tá bacainní fós ann sa mhargadh saothair, mar a mbíonn ar iarratasóirí poist aghaidh a thabhairt ar bhacainní earcaíochta faoi stiúir an duine agus bacainní arna n-éascú ag an teicneolaíocht araon, mar shampla, toisc ainmneacha a bheith acu a mheastar a bheith eachtrach, éadaí reiligiúnacha a chaitheamh nó a bheith ina nduine de dhath. Tá bacainní níos mó roimh fhostaithe ó chúlraí mionlaigh eitnigh freisin maidir le dul chun cinn gairme agus rochtain laghdaithe ar líonraí a mbíonn tionchar mór acu.

21. I réimse chuimsiú na Romach,

a. Baineann rátaí i bhfad níos airde de mhíbhuntáiste eacnamaíoch agus eisiamh sóisialta fós do na Romaigh ná mar a bhaineann don phobal i gcoitinne. Mar shampla, bíonn bacainní roimh dhaoine a mheastar gur Romaigh iad, nó a shainaithnítear mar Romaigh bunaithe ar a n-ainmneacha, agus iad ag lorg fostaíochta. Ina theannta sin, thuairiscigh 36 % de na Romaigh go ndearnadh idirdhealú orthu agus iad ag lorg oibre. Léiríodh i Suirbhé 2024 FRA[34] maidir leis na Romaigh nach raibh ach 54 % de na Romaigh idir 20 agus 64 bliana d'aois i mbun obair íoctha, sciar a bhí i bhfad níos ísle ná an ráta do dhaonra ginearálta an Aontais (74 %). Thairis sin, ní raibh ach 38 % de mhná Romacha in obair íoctha i gcomparáid le 69 % d'fhir Romacha.

b. I measc na mbacainní a chuireann bac ar rochtain ar mhargadh an tsaothair tá an frithghiofógachas, cineál forleathan ciníochais é agus aithnítear gurb é an bhunchúis le hidirdhealú agus eisiamh na Romach as a n-eascraíonn idirdhealú sna próisis earcaíochta agus san ionad oibre, leibhéil ísle oideachais agus bunscileanna agus easpa rochtana ar chláir phoiblí shaincheaptha agus ar thacaíocht.

---

[34] Chumhdaigh an suirbhé 10 mBallstát den Aontas (an Bhulgáir, an tSeicia, Éire, an Ghréig, an Spáinn, an Fhrainc, an Iodáil, an Ungáir, an Phortaingéil agus an Rómáin) agus trí thír aontachais (an Albáin, an Mhacadóin Thuaidh agus an tSeirbia).
Suirbhé 2024 ar na Romaigh | Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha

c. I gCreat Straitéiseach an Aontais maidir leis na Romaigh, iarrtar ar na Ballstáit an bhearna sa ráta NEET[35] don phobal sin a laghdú faoina leath, agus é mar sprioc an t-aos óg Romach NEET a laghdú go dtí faoi bhun 33 % agus go mbeidh 45 % ar a laghad de mhná Romacha in obair íoctha faoi 2030. Cé gur tháinig feabhas ar an ráta foriomlán ó 62 % in 2016 go 47 % in 2024, tá bearna thromchúiseach inscne fós ann: Is NEET iad 61 % de mhná óga Romacha, i gcomparáid le 33 % d'fhir óga Romacha. D'fhéadfadh sé go mbeadh gá le beartais spriocdhírithe chun aghaidh a thabhairt ar thiománaithe inscneacha na rátaí NEET i measc cailíní Romacha, atá nasctha le hidirdhealú, bochtaineacht, agus noirm inscne.

d. Léiríodh i Suirbhé 2024 FRA maidir leis na Romaigh nach bhfuair ach 32 % de na Romaigh idir 20 agus 24 bliana d'aois oideachas meánscoile sinsearach, ráta i bhfad níos ísle ná an ráta do dhaonra ginearálta an Aontais, 84 %. Léirítear sa suirbhé freisin go bhfuil méadú ag teacht ar an idirdhealú a dhéantar ar na Romaigh in idirghníomhaíochtaí le hinstitiúidí oideachais. Tá sé ríthábhachtach an t-idirdhealú sin, chomh maith le neamhionannais oideachais i gcoitinne, a laghdú agus rochtain chomhionann ar ardoideachas, ar ghairmoideachas agus ar ghairmoiliúint a chur chun cinn chun rochtain ar fhostaíocht oilte a fheabhsú do Romaigh óga agus mar shlí chun bonn scileanna na hEorpa a neartú. Chun Romaigh óga a spreagadh chun fanacht sa chóras oideachais tar éis na scolaíochta éigeantaí, ní mór muinín agus comhar a chothú le daltaí Romacha agus lena dteaghlaigh ó na céimeanna is luaithe den oideachas. Is é is aidhm do Chreat Straitéiseach an Aontais maidir leis na Romaigh rochtain ar oideachas a mhéadú do na Romaigh, an bhearna sna rátaí críochnaithe san oideachas meánscoile sinsearach idir na Romaigh agus an pobal i gcoitinne a laghdú aon trian ar a laghad agus sciar na n-ógánach Romach a fhaigheann oideachas meánscoile sinsearach ar a laghad a mhéadú go 50 % faoi 2030.

---

[35] Duine nach bhfuil i mbun oideachais, fostaíochta ná oiliúna.

22. Sa réimse a bhaineann le hidirdhealú aoise agus aoiseachas a chomhrac,

a. Mar gheall ar athruithe déimeagrafacha ar fud an Aontais, is gá leas iomlán a bhaint as caipiteal daonna sna cohóirt aoise uile chun fás eacnamaíoch agus iomaíochas a chothú. Cé gur gné bhunúsach de mhargadh saothair athléimneach í an éagsúlacht aoise, tá an t-aoiseachas córasach agus an t-idirdhealú aoise ina mbacainn ar tháirgiúlacht agus ar nuálaíocht agus tá sí ar cheann de na príomhchúiseanna le neamhghníomhaíocht anabaí sa mhargadh saothair i measc saoránaigh scothaosta. Tá Treoir 2000/78/CE ón gComhairle ríthábhachtach chun a áirithiú go bhfuil rochtain ar fhostaíocht, ar ghairmoiliúint agus ar dhul chun cinn gairme bunaithe ar inniúlacht oibiachtúil seachas ar aois chróineolaíoch. Uaireanta tarlaíonn aoiseachas ag an am céanna le steiréitíopaí inscne agus le cineálacha eile idirdhealaithe, rud a chruthaíonn bacainní sonracha níos measa maidir le hearcaíocht, dul chun cinn gairme agus coinneáil fostaithe ar feadh an tsaoil.

b. I gcomhréir le ceanglais chomhréireachta Airteagal 6(1) de Threoir 2000/78/CE ón gComhairle, má bhíonn aon difríocht sa tslí a gcaitear le daoine bunaithe ar a n-aois, ní mór aidhmeanna dlisteanacha fostaíochta nó margaidh saothair a bheith ina n-údar oibiachtúil réasúnach leis sin. Lasmuigh den cheart bunúsach chun córa comhionainne, is straitéis eacnamaíoch ardtoraidh é timpeallachtaí atá neodrach ó thaobh aoise de a chothú. Trí dheireadh a chur le claontachtaí aoisbhunaithe san earcaíocht, i gcoinneáil fostaithe agus dul chun cinn gairme agus trí rochtain ar fhoghlaim ar feadh an tsaoil agus ar dheiseanna athscilithe agus uas-scilithe a chur chun cinn, is féidir leis an Aontas rannpháirtíocht an lucht saothair a bharrfheabhsú, cobhsaíocht institiúideach a fheabhsú, agus an athléimneacht eacnamaíoch fhadtéarmach is gá a dhaingniú chun tacú le Margadh Aonair ardfhostaíochta iomaíoch.

c. Is féidir tuilleadh tacaíochta a thabhairt do rannpháirtíocht daoine scothaosta sa mhargadh saothair trí bhearta bainistithe aoise san ionad oibre, lena n-áirítear socruithe solúbtha oibre, bearta sláinte agus folláine ceirde, oiriúnú san ionad oibre, scéimeanna meantóireachta agus aistriú eolais idirghlúine.

d. Chomh maith le gníomhaíocht a dhéanamh i margadh an tsaothair, tá sé tábhachtach dul i ngleic leis an idirdhealú aoise agus leis an aoiseachas i ngach réimse eile den saol, ag áirithiú go gcuirfear ar chumas daoine scothaosta páirt iomlán a ghlacadh sa tsochaí agus sa gheilleagar agus rannchuidiú leo trí ghníomhaíocht eacnamaíoch leathnaithe, rannpháirtíocht shóisialta mhéadaithe, obair dheonach agus foghlaim idirghlúine. Tá an tionchar atá ag aosú an daonra níos leithne ná fostaíocht amháin, cuir i gcás tá tionchar aige ar an méadú ar an éileamh ar sheirbhísí cúraim shóisialta agus sláinte atá inacmhainne agus inrochtana chun tacú le maireachtáil neamhspleách. Ní mar a chéile an taithí a bhíonn ag grúpaí éagsúla ar na saincheisteanna sin. Mar shampla, maireann mná níos faide ná fir de ghnáth agus, dá bhrí sin, is mó seans go mbeidh fadhbanna sláinte acu a bhaineann leis an tseanaois. Is ar an mbonn sin a bhfuil riachtanais cúraim fhadtéarmaigh sa bhreis de dhíth ar mhná níos faide anonn ina saol.

I bhFIANAISE AN MHÉID SEO A LEANAS

23. Ach aghaidh a thabhairt ar neamhionannais, lena n-áirítear na saincheisteanna a leagtar amach thuas, is féidir tionchar fóinteach suntasach a imirt ar an Aontas agus ar shaol agus ar dhea-bhail a mhuintire, chomh maith le borradh a chur faoi iomaíochas an Aontais, fás eacnamaíoch inbhuanaithe a spreagadh, samhail shóisialta na hEorpa a chaomhnú agus luachanna an Aontais a chur i bhfeidhm.

24. Cuireann an tacar conclúidí seo leis an obair a rinneadh cheana agus leis na gealltanais pholaitiúla ón gComhairle, ón gCoimisiún agus ó Pharlaimint na hEorpa agus ó pháirtithe leasmhara ábhartha sa réimse sin, lena n-áirítear sna doiciméid a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo.

IARRANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AR NA BALLSTÁIT, i gcomhréir lena n-inniúlachtaí, agus urraim á tabhairt do ról agus neamhspleáchas na gcomhpháirtithe sóisialta, AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH:

25. Steiréitíopaí inscne agus leithscaradh inscnebhunaithe a chomhrac i ngach réimse den tsochaí agus den gheilleagar, chun comhionannas inscne, comhtháthú sóisialta agus fás eacnamaíoch a chur chun cinn, ar bhealaí lena n-áirítear bearta lena gcumhachtaítear mná agus cailíní le páirt iomlán, chomhionann agus fhóinteach a ghlacadh san oideachas, san oiliúint, san fhostaíocht, i ngníomhaíochtaí cultúrtha, sa pholaitíocht agus sa saol poiblí.

26. Leanúint dá straitéisí náisiúnta nó dá bpleananna gníomhaíochta lena gcuirtear comhionannas agus neamh-idirdhealú chun cinn, a chur chun feidhme.

27. Tacú le bearta chun fiontraíocht, úinéireacht ghnó agus rochtain níos cothroime ar acmhainní airgeadais a chur chun cinn i measc na mban, lena n-áirítear trí chláir mheantóireachta agus phiarfhoghlama thiomnaithe. Rochtain chomhionann ó thaobh inscne de ar dheiseanna airgeadais agus eacnamaíocha a chur chun cinn agus béim ar leith á leagan ar earnálacha ardfháis i réimsí mar ETIM, IS, agus teicneolaíochtaí digiteacha agus glasa, chomh maith le talmhaíocht inbhuanaithe agus fiontraíocht tuaithe, lena n-áirítear trí bhíthin bearta chun deireadh a chur le claontacht inscne nuair a dhéantar cinntí infheistíochta agus bearta chun tacú le gnólachtaí nuathionscanta atá faoi stiúir ban. Comhpháirtíochtaí le hinstitiúidí airgeadais a spreagadh, cuir i gcás bainc agus cistí infheistíochta, agus tacú le hoiliúint maidir le claontacht inscne agus idirdhealú a thabhairt dá bhfoireann.

28. Beartais a neartú chun an bhearna dhigiteach idir na hinscní a dhúnadh trí fhiontraíocht agus ceannaireacht dhigiteach a chothú agus trí na bunchúiseanna gur ann don bhearna a chomhrac.

29. Beartais a neartú chun an bhearna fostaíochta idir na hinscní a dhúnadh, leithscaradh inscne cothrománach agus ingearach de réir gairme a laghdú agus obair pháirtaimseartha ainneonach a chosc, agus bearta a dhéanamh chun deireadh a chur le steiréitíopaí inscne san oideachas, san oiliúint agus san fhostaíocht, lena n-áirítear steiréitíopaí i gcultúir ionaid oibre. Tacú le bearta chun dul chun cinn gairme comhionann agus ionadaíocht chomhionann i bpoist a bhfuil freagracht i gceist leo a chur chun cinn, lena n-áirítear poist ar bhoird cuideachtaí. Tacú le seirbhísí poiblí fostaíochta náisiúnta agus le heagraíochtaí na sochaí sibhialta ina n-iarrachtaí feabhas a chur ar rochtain chomhionann na mban ar fhostaíocht.

30. Bearta a dhéanamh, i gcás inarb iomchuí agus i gcomhréir le himthosca náisiúnta, chun dídhreasachtaí airgeadais a shainaithint agus aghaidh a thabhairt orthu, ar dídhreasachtaí iad a thugann ar dhaoine gan dul i mbun fostaíochta nó fanacht i bhfostaíocht mar gheall ar bhacainní struchtúracha lena n-áirítear dearadh na gcóras sochar, go háirithe i gcás an dara duine sa teaghlach atá ag tuilleamh[36] agus tuismitheoirí aonair.

31. Tacú le bearta chun idirdhealú bunaithe ar inscne sa saol oibre a chosc agus a chomhrac, lena n-áirítear idirdhealú a bhaineann le toircheas agus obair chúraim agus thacaíochta gan íocaíocht.

32. Beartais a neartú chun an bhearna phá idir na hinscní agus an bhearna phinsin idir na hinscní a dhúnadh agus chun forfheidhmiú phrionsabal an phá chomhionainn ar obair chomhionann nó ar obair ar comhionann a luach a áirithiú, lena n-áirítear trí bhunchúiseanna na mbearnaí sin a shainaithint, mar shampla tearcluacháil shistéamach ar obair in earnálacha agus gairmeacha beatha ina bhfuil mná faoi ró-ionadaíocht, agus trí aghaidh a thabhairt ar na cúiseanna sin trí bhearta spriocdhírithe atá dírithe ar neamhthuilleamaíocht airgeadais agus neamhspleáchas eacnamaíoch na mban a chosaint ar feadh an tsaoil.

---

[36] Tagraíonn ‘an dara duine sa teaghlach atá ag tuilleamh’ do dhaoine aonair fostaithe a thuilleann níos lú ná a bpáirtithe.

33. Geilleagar an chúraim a neartú, lena n-áirítear trí phá cothrom agus dálaí maithe oibre a áirithiú in earnáil an chúraim, chomh maith le socruithe solúbtha oibre. Comhroinnt chothrom na bhfreagrachtaí cúraim agus tacaíochta idir mná agus fir a chur chun cinn trí bhearta atá comhsheasmhach le dlí an Aontais agus leis na córais náisiúnta is infheidhme, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, saoire mháithreachais, atharthachta nó thuismitheoireachta atá curtha in áirithe agus neamh-inaistrithe a thabhairt agus trí fhir agus aithreacha a spreagadh le freagrachtaí cúraim agus tacaíochta a ghlacadh. Tacú le rochtain ar sheirbhísí agus bonneagar oideachais agus cúraim luath-óige[37] agus cúraim fhadtéarmaigh atá ar fáil, inrochtana, inacmhainne agus ar ardchaighdeán.

34. Bearta ábhartha a dhéanamh chun tacú le heagraíochtaí agus le cuideachtaí ina n-iarrachtaí ar bhearta maidir le cothromaíocht oibre agus saoil a chur chun feidhme agus beartais san ionad oibre a thacaíonn le teaghlaigh a ghlacadh ar mhaithe le gach cúramóir, agus peirspictíocht conaire saoil á glacadh agus aird ar leith á tabhairt ar mháithreachas, ar atharthacht, ar thuismíocht agus orthu siúd ar gá dóibh aire a thabhairt do dhaoine scothaosta agus do chleithiúnaithe eile.

35. Roghanna oideachais agus gairme a spreagadh nach bhfuil aon laofacht inscne ná steiréitíopaí inscne ag baint leo, go háirithe d'fhonn rannpháirtíocht na mban agus na gcailíní in ETIM, chomh maith le níos mó fear agus buachaillí a mhealladh chuig earnálacha cúraim agus tacaíochta agus chuig gairmeacha SORL, a mhéadú. Infheistíocht a dhéanamh san oideachas agus san oiliúint chun borradh a chur faoin litearthacht airgeadais agus dhigiteach agus faoi scileanna airgeadais agus digiteacha ar feadh an tsaoil, go háirithe i measc na mban agus na gcailíní, agus chun spéis, muinín agus inniúlacht a chothú in ábhair ETIM agus san fhiontraíocht ó aois óg, lena n-áirítear trí chuir chuige chuimsitheacha idirdhisciplíneacha ETIEM [38] lena nasctar an eolaíocht agus an teicneolaíocht leis na healaíona, an earnáil deartha, na daonnachtaí chomh maith leis na dúshláin shochaíocha. Rochtain chomhionann ar dheiseanna cuimsitheacha uas-scilithe agus athscilithe a bhaineann leis an aistriú glas agus leis an aistriú digiteach a chur chun cinn, go háirithe do ghrúpaí faoi ghannionadaíocht agus imeallaithe.

---

[37] Lena n-áirítear tacaíocht i gcomhréir le spriocanna Barcelona le haghaidh 2030.
[38] Eolaíocht, teicneolaíocht, innealtóireacht, ealaíona agus matamaitic.

36. I gcás inarb iomchuí, i gcomhréir le córais náisiúnta bailithe sonraí, agus prionsabal an fhéinaitheantais agus na coimircí agus rialacha cosanta sonraí agus príobháideachais is infheidhme á n-urramú, feabhas a chur ar bhailiú, anailís agus úsáid sonraí comhionannais imdhealaithe, chomh maith le sonraí an mhargaidh saothair, ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil, lena n-áirítear ar bhonn trasnach, i gcás inarb iomchuí. Leanúint de na hiarrachtaí chun a áirithiú go mbeidh na sonraí a bhailítear agus a úsáidtear, i gcás foinsí éagsúla sonraí, chomh cruinn, cuimsitheach, inchomparáide agus inrochtana agus is féidir, trí fheasacht a mhúscailt maidir le foinsí sonraí comhionannais atá ann cheana, lena n-áirítear sonraí riaracháin, agus trí úsáid a bhaint astu sin, agus trí anailís a dhéanamh i gcás ina bhfuil bearnaí ann, i gcomhréir le riachtanais náisiúnta.

37. Tacú le taighde agus bailiú sonraí atá freagrúil ó thaobh inscne de agus a bhaineann le comhionannas, d'fhonn torthaí idirdhealaitheacha a shainaithint agus a chosc i ndearadh, i bhforbairt, i gcur in úsáid agus in úsáid algartam agus córas intleachta saorga, lena n-áirítear sa bhainistíocht.

38. Glacadh intleachta saorga atá dírithe ar an duine, inrochtana agus iontaofa a chur chun cinn agus coimircí leordhóthanacha, trédhearcacht agus formhaoirseacht dhaonna á n-áirithiú, agus ardleibhéal cosanta a áirithiú don tsláinte, don tsábháilteacht agus do chearta bunúsacha mar a chumhdaítear i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh iad, lena n-áirítear i réimsí na hoibre agus a mhéid a bhaineann le rochtain ar sheirbhísí poiblí bunriachtanacha agus an tairbhe a bhaintear astu, i gcomhréir le Gníomh an Aontais um an Intleacht Shaorga.

39. Forfheidhmiú éifeachtach an dlí maidir le neamh-idirdhealú agus comhionannas inscne a chur chun cinn, lena n-áirítear trí smachtbhannaí agus leigheasanna iomchuí, ar mhaithe le hidirdhealú a chosc, aghaidh a thabhairt ar na hiarmhairtí a bhaineann leis agus tairbhí eacnamaíocha a ghiniúint.

40. Tathant ar údaráis náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla cuimsiú agus neamh-idirdhealú a chomhtháthú ina straitéisí chun gnó agus tallann a mhealladh d'fhonn éiceachórais nuálaíochta áitiúla agus comhionannas a neartú, agus comhtháthú críochach á chur chun cinn, go háirithe i réigiúin iargúlta.

41. Feabhas a chur ar rannpháirtíocht daoine a bhfuil cúlra imirceach acu sa mhargadh saothair, lena n-áirítear, mar shampla, trí chomhairleoireacht ghairme agus meantóireacht a thairiscint, feabhas a chur ar aitheantas cáilíochtaí agus inniúlachtaí a shealbhaítear lasmuigh den Aontas, agus tacú le ról na bhfostóirí i lánpháirtiú eacnamaíoch náisiúnach eachtrach.

42. Leanúint de na hiarrachtaí faoi Chreat Straitéiseach an Aontais maidir leis na Romaigh chun an ráta NEET a laghdú faoina leath agus an bhearna fostaíochta idir na hinscní idir mná Romacha agus fir Romacha a laghdú faoina leath faoi 2030, lena n-áirítear trí bhearta a dhéanamh chun feabhas a chur ar an gcuimsiú sóisialta, chomh maith leis an rochtain ar dheiseanna oideachais agus fostaíochta do mhná Romacha agus don óige Romach, mar shampla, trí bheartais ghníomhacha shaincheaptha maidir leis an margadh saothair i gcomhréir leis an Moladh ón gComhairle maidir le comhionannas, cuimsiú agus rannpháirtíocht na Romach.

43. Leanúint den Ráthaíocht don Aos Óg a chur chun feidhme, lena n-áiritheofar go bhfaighidh gach duine óg faoi bhun 30 bliain d'aois tairiscint mhaith fostaíochta, oideachais leanúnaigh, printíseachta nó cúrsa oiliúna laistigh de 4 mhí tar éis dóibh an t-oideachas foirmiúil a fhágáil nó a bheith dífhostaithe, agus aird ar leith á tabhairt ar dhaoine óga a bhfuil gnóthachtáil íseal oideachais acu, ar dhaoine óga a bhfuil cúlra imirceach nó mionlaigh acu, ar an óige Romach, ar dhaoine óga atá faoi eisiamh sóisialta, agus ar dhaoine óga faoi mhíchumas.

44. Rannpháirtíocht daoine faoi mhíchumas sa mhargadh saothair a fheabhsú, go háirithe mná faoi mhíchumas, lena n-áirítear trí ionaid oibre inrochtana agus spásanna poiblí inrochtana a chur chun cinn, trí thacaíocht a chur ar fáil san fhostaíocht agus a chur ar a gcumas dul chun cinn gairme a dhéanamh trí oideachas inrochtana agus cuimsitheach agus trí chóiríocht réasúnta a chur ar fáil, sa chaoi is go n-éascaítear an t-aistriú ó shuíomhanna dídeanacha go dtí an margadh saothair oscailte agus go dtacaítear leis freisin. Bearta tacaíochta chun fiontraíocht daoine faoi mhíchumas a chur chun cinn.

45. Cuimsiú eacnamaíoch agus sóisialta daoine scothaosta a fheabhsú trí thacú lena rannpháirtíocht sa tsochaí agus i margadh an tsaothair, agus trí phríomhshruthú aoise, agus trí sheirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta atá inrochtana agus inacmhainne. Bearta a dhéanamh chun deiseanna foghlama inrochtana agus inacmhainne a áirithiú, mar aon le deiseanna le haghaidh rannpháirtíocht chultúrtha, fóillíochta agus shibhialta, agus ar an gcaoi sin a chur ar a gcumas do dhaoine scothaosta a scileanna a fhorbairt agus a úsáid agus neamhspleáchas a choinneáil mar rannchuiditheoirí gníomhacha leis an tsochaí.

46. Leanúint de dhea-chleachtais a chomhroinnt i measc na mBallstát maidir le hathléimneacht eacnamaíoch a chur chun cinn tríd an gcuimsiú agus an chothroime i margadh an tsaothair a chur chun cinn, agus é sin á aithint mar infheistíocht straitéiseach fhadtéarmach i dtodhchaí na hEorpa.

47. Borradh a chur faoi iarrachtaí chun rochtain chomhionann éifeachtach ar oideachas, oiliúint agus foghlaim ar feadh an tsaoil atá cuimsitheach agus ar ardchaighdeán a áirithiú do chách.

48. Forbairt modúl staidéir a chur chun cinn atá dírithe ar an gcomhionannas, ar an éagsúlacht agus ar an gcuimsitheacht i gcomhthéacs staidéir ghnó agus na heacnamaíochta ar leibhéil éagsúla oideachais, lena n-áirítear d'fhonn acmhainneacht cuideachtaí agus eagraíochtaí eile de na hearnálacha príobháideacha a neartú sna réimsí sin.

IARRANN SÍ AR AN gCOIMISIÚN EORPACH AGUS AR NA BALLSTÁIT, de réir a n-inniúlachtaí faoi seach, agus urraim á tabhairt do ról agus do neamhspleáchas na gcomhpháirtithe sóisialta, an méid seo a leanas a dhéanamh:

49. Bearta a dhéanamh, i gcomhréir leis na luachanna a chumhdaítear in Airteagal 2 CAE, agus ag féachaint d'Airteagal 19 CFAE agus d'Airteagal 21 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, chun cur chun feidhme éifeachtach agus comhsheasmhach *acquis* an Aontais a áirithiú i réimsí na fostaíochta, an chomhionannais, an chomhionannais inscne agus an mhíchumais.

50. Bearta a dhéanamh chun cosaint ar gach cineál idirdhealaithe agus i ngach réimse den tsochaí a áirithiú, agus é mar aidhm leis sin cearta an duine agus saoirsí bunúsacha a chaomhnú agus bacainní ar rannpháirtíocht a laghdú.

51. Tacú le cur chun feidhme na ngníomhaíochtaí agus na dtionscnamh a leagtar amach sa Phacáiste Fostaíochta le haghaidh Daoine faoi Mhíchumas chun fostaíocht daoine faoi mhíchumas a chur chun cinn agus steiréitíopaí a chomhrac.

52. Cuimsitheacht agus comhionannas a chur chun cinn, lena n-áirítear comhionannas inscne, i ngach beartas fiontraíochta ar fud na n-earnálacha, lena n-áirítear trí scéimeanna meantóireachta cuimsitheacha a chothú agus tacú leis an bhfiontraíocht shóisialta, agus cistiú spriocdhírithe don fhiontraíocht a mheas i measc grúpaí imeallaithe agus faoi ghannionadaíocht lena n-áirítear mná, daoine faoi mhíchumas, daoine LADTI, daoine a bhfuil cúlra imirceach acu agus daoine ar de mhionlach náisiúnta, eitneach nó ciníoch iad.

53. Chun borradh breise a chur faoin nasc idir an comhionannas agus an t-iomaíochas, príomhshruthú comhionannais a chur chun cinn, lena n-áirítear príomhshruthú inscne, príomhshruthú míchumais agus príomhshruthú aoise, i mbeartais eacnamaíocha, tomhaltóirí, shóisialta agus dhigiteacha ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais, agus laistigh de phríomhshásraí comhordaithe beartais eacnamaíoch agus shóisialta lena n-áirítear an Seimeastar Eorpach.

54. Leanúint d'Ardán an Aontais Eorpaigh le haghaidh Cairteacha um an Éagsúlacht agus gníomhaíochtaí ábhartha ar an leibhéal náisiúnta a chur chun cinn agus de bheith ag tacú leo chun cuidiú le heagraíochtaí san earnáil phoiblí agus na sochaí sibhialta agus san earnáil phríobháideach chomh maith le heagraíochtaí neamhrialtasacha san Aontas beartais éifeachtacha éagsúlachta agus cuimsithe a cheapadh agus a chur chun feidhme, agus leanúint freisin de ghníomhaíochtaí a chur chun cinn atá dírithe ar chomhionannas inscne méadaithe a chur chun cinn i gcomhlachtaí cinnteoireachta.

55. Tacú, i gcomhréir le Treoracha (AE) 2024/1499 agus (AE) 2024/1500 maidir le Comhlachtaí Comhionannais, le hobair neamhspleách na gComhlachtaí Comhionannais chun cóir chomhionann a chur chun cinn agus a fhorfheidhmiú, lena n-áirítear cúnamh a thabhairt d'íospartaigh an idirdhealaithe, faireachán agus tuairisciú a dhéanamh ar idirdhealú, feasacht a mhúscailt maidir le cearta agus oibleagáidí, gníomhú in imeachtaí cúirte i gcomhréir leis an dlí náisiúnta agus leis an gcleachtas náisiúnta, agus moltaí a dhéanamh maidir le hábhair a bhaineann le hidirdhealú.

56. Bearta spriocdhírithe a chur chun cinn lena spreagfar fostóirí san earnáil phoiblí agus san earnáil phríobháideach chun comhionannas deiseanna a chur chun cinn a mhéid a bhaineann le hearcú ban agus daoine de ghrúpaí faoi ghannionadaíocht a chur chun cinn, lena n-áirítear uirlisí agus treoirlínte tiomnaithe inrochtana agus cuimsitheacha a fhorbairt, agus riachtanais agus acmhainneachtaí sonracha FBManna á gcur san áireamh. Bearta a dhéanamh chun an éagsúlacht sa lucht saothair a mhéadú, mar shampla trí fheachtais feasachta atá dírithe ar dhul i ngleic le claontacht, steiréitíopaí agus claontachtaí neamh-chomhfhiosacha agus trí chleachtais chuimsitheacha inrochtana oideachais agus earcaíochta, agus trí oiliúint agus uas-sciliú ar feadh an tsaoil, agus trí chóid iompair a éascú don earnáil phríobháideach fostaíochta.

57. Tacú le bearta chun gach cineál foréigin inscnebhunaithe a chosc agus a chomhrac, lena n-áirítear foréigean inscnebhunaithe arna éascú ag an teicneolaíocht, chomh maith le bearta chun aghaidh a thabhairt ar chiapadh sa saol oibre agus chun deireadh a chur leis, lena n-áirítear gnéaschiapadh, trí bhearta reachtacha, beartais agus múscailte feasachta a dhéanamh.

58. Tacú le bearta chun fuath, bagairtí agus foréigean atá dírithe ar dhaoine agus ar ghrúpaí atá i mbaol idirdhealaithe a chosc agus a chomhrac, chun deireadh a chur le bacainní ar rannpháirtíocht iomlán na ndaoine sin i ngach réimse den saol, lena n-áirítear gníomhaíocht straitéiseach spriocdhírithe a chur chun feidhme chun an t-idirdhealú a chomhrac agus comhionannas a chothú.

IARRANN SÍ AR AN gCOIMISIÚN EORPACH AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH:

59. Togra a thíolacadh le haghaidh Comhaontú Eorpach maidir le Cúram, lena n-aithnítear cineálacha cúraim agus tacaíochta íoctha agus neamhíoctha, lena gcuirtear cumhachtú eacnamaíoch na mban chun cinn, lena spreagtar fir chun sciar cothrom den chúram a dhéanamh, lena dtugtar dúshlán steiréitíopaí inscne, agus lena leagtar amach sraith chuimsitheach moltaí chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin in earnáil an chúraim, lena n-áirítear béim ar chomhionannas inscne, agus chun an lucht saothair sa réimse sin a mhéadú agus chun tacú leo.

60. Comhordú agus sineirgí a neartú sna cláir ábhartha ar fad arna gcistiú ag an Aontas chun bealaí níos soiléire a chruthú le tacú le mná agus le comhionannas inscne sa nuálaíocht agus san fhiontraíocht a chur chun cinn.

61. Leanúint de na hiarrachtaí breithnithe frith-idirdhealaithe a chomhtháthú go héifeachtach i mbeartais an Aontais agus tacú le comhrac gach cineál idirdhealaithe ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, trí thacú le páirtithe leasmhara ábhartha, lena n-áirítear eagraíochtaí na sochaí sibhialta.

62. Bailiú, anailís agus úsáid sonraí comhionannais imdhealaithe a chur chun cinn, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, sonraí maidir le hidirdhealú trasnach, i gcomhréir le creataí náisiúnta, mar uirlis éifeachtach chun aghaidh a thabhairt ar neamhionannas agus ar gach cineál idirdhealaithe, lena n-áirítear trí chúnamh teicniúil a thabhairt agus treoir ón gCoimisiún a ullmhú sa réimse sin.

63. Feabhas a chur ar an bhfaireachán a dhéantar ar chostas socheacnamaíoch an idirdhealaithe agus ar na bacainní a bhfuil ar ghrúpaí sonracha atá i mbaol mór idirdhealaithe dul i ngleic leo, lena n-áirítear ar bhonn trasnach, agus cur leis na sonraí agus an taighde atá ar fáil ó chomhlachtaí agus gníomhaireachtaí ábhartha sa réimse sin.

64. Faireachán agus tuairisciú a dhéanamh ar chur chun feidhme Straitéisí Aontas an Chomhionannais.

65. Faireachán agus meastóireacht a dhéanamh ar thionchar na gcóras intleachta saorga ar an margadh saothair ó thaobh an chomhionannais de, agus chun a fháil amach na réimsí agus na slite ina bhféadfadh an intleacht shaorga difear níos mó a dhéanamh d'earnálacha áirithe, do ghrúpaí sóisialta áirithe nó do chineálacha áirithe gairmeacha, lena n-áirítear trína tionchar ar phá, ar dhálaí oibre, ar dhul chun cinn gairme, ar rochtain ar dheiseanna oiliúna, agus ar chaillteanais post a d'fhéadfadh a bheith i gceist do ghrúpaí éagsúla. Meastóireacht rialta a dhéanamh ar réimsí riosca agus deiseanna a mhéid a bhaineann le tionchar na gcóras intleachta saorga ar chomhionannas, lena n-áirítear comhionannas inscne, agus leas á bhaint as saineolas na hOifige Eorpaí um Intleacht Shaorga agus ag tógáil ar thaighde de chuid Ghníomhaireachtaí an Aontais.

66. Leanúint d'fhaireachán a dhéanamh ar fhorbairt na mbearnaí fostaíochta, pá agus pinsin idir na hinscní, chomh maith leis an mbearna fostaíochta i gcás daoine faoi mhíchumas, agus tacú leis na Ballstáit trí thacaíocht theicniúil, sonraí agus anailís a chur ar fáil.

67. I bhfianaise an fhormhuinithe d'aon toil a rinne na Ballstáit ar an Dearbhú Prionsabal le haghaidh sochaí atá comhionann ó thaobh inscne de atá i gceangal le Treochlár an Choimisiúin um Chearta na mBan, oibriú chun na prionsabail sin a chur chun feidhme, lena n-áirítear trí na bearta seo a leanas dá bhforáiltear sa Straitéis maidir le Comhionannas Inscne 2026-2030 a dhéanamh:

   a. plean Gníomhaíochta a ghlacadh maidir le Mná sa Taighde, sa Nuálaíocht agus i nGnólachtaí Nuathionscanta, chomh maith le leanúint de Chlár Oibre Beartais an Limistéir Eorpaigh Taighde (2025-2027) a chur chun feidhme;

   b. spriocanna maoinithe inscne-chliste a leathnú;

c. rochtain ar mhaoiniú a fheabhsú d'fhiontraithe mná san Aontas;

d. feabhas a chur ar an gcothromaíocht inscne san earnáil airgeadais i gcomhar le Grúpa an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta; agus

e. leanúint de na hiarrachtaí chun níos mó ban agus cailíní a mhealladh agus a spreagadh chun staidéar a dhéanamh ar ábhair ETIM agus dul i mbun gairmeacha sa réimse sin, chomh maith le níos mó fear agus buachaillí a spreagadh go gníomhach chun dul i mbun gairmeacha in SORL agus gairmeacha cúraim eile.

68. Treoraíocht a fhorbairt maidir le cleachtais chuimsitheacha earcaíochta i gcomhar le hArdán an Aontais Eorpaigh le haghaidh Cairteacha um an Éagsúlacht, mar a leagtar amach sa Straitéis um Chomhionannas LADTIA+, sa Straitéis Frithchiníochais agus sa Straitéis um Chomhionannas Inscne, agus d'fhonn tacú le cur chun feidhme na Teachtaireachta maidir le feabhas a chur ar an Straitéis maidir le Cearta Daoine faoi Mhíchumas a Fheabhsú go dtí 2030.

69. Leanúint de thacaíocht, lena n-áirítear tacaíocht airgeadais, a thabhairt do na Ballstáit le haghaidh tionscadail atá dírithe ar shonraí comhionannais a bhailiú agus a úsáid agus ar chomhionannas (lena n-áirítear comhionannas inscne), cuimsiú agus éagsúlacht san fhostaíocht agus san earnáil gnó a chur chun cinn.

Tagairtí

1. Leibhéal idirinstitiúideach an Aontais

Eurostat agus an Coimisiún Eorpach, Bearnaí fostaíochta do mhná agus do dhaoine faoi mhíchumas, 2025, Bearnaí fostaíochta do mhná agus do dhaoine faoi mhíchumas - Ailt nuachta - Eurostat.

2. Conarthaí agus reachtaíocht an Aontais

Conradh ar an Aontas Eorpach an 13 Nollaig 2007 – leagan comhdhlúite
(IO C 202, 7.6.2016 lgh. 13-46)

Conradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh an 13 Nollaig 2007 – leagan comhdhlúite
(IO C 202, 7.6.2016, lgh. 47-360)

Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh (2016/C 202/02)

Rialachán (AE) 2024/1689 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meitheamh 2024 lena leagtar síos rialacha comhchuibhithe maidir leis an intleacht shaorga agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 300/2008, (AE) Uimh. 167/2013, (AE) Uimh. 168/2013, (AE) 2018/858, (AE) 2018/1139 agus (AE) 2019/2144 agus Treoracha 2014/90/AE, (AE) 2016/797 agus (AE) 2020/1828 (an Gníomh um an Intleacht Shaorga)

Treoir (AE) 2024/1385 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Bealtaine 2024 maidir le foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chomhrac.

Treoir (AE) 2024/1500 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Bealtaine 2024 maidir le caighdeáin le haghaidh comhlachtaí comhionannais i réimse na córa comhionainne agus an chomhionannais deiseanna idir mná agus fir i gcúrsaí fostaíochta agus slí beatha, agus lena leasaítear Treoracha 2006/54/CE agus 2010/41/AE.

Treoir (AE) 2024/1499 ón gComhairle an 7 Bealtaine 2024 maidir le caighdeáin le haghaidh comhlachtaí comhionannais i réimse na córa comhionainne idir daoine gan beann ar a dtionscnamh ciníoch nó eitneach, na córa comhionainne i gcúrsaí fostaíochta agus slí beatha idir daoine gan beann ar reiligiún nó creideamh, míchumas, aois nó claonadh gnéasach, na córa comhionainne idir mná agus fir i gcúrsaí slándála sóisialta ina rochtain ar earraí agus ar sheirbhísí agus ó thaobh soláthar earraí agus seirbhísí, agus lena leasaítear Treoracha 2000/43/CE agus 2004/113/CE.

Treoir (AE) 2023/970 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Bealtaine 2023 chun cur i bhfeidhm phrionsabal an phá chomhionainn as obair chomhionann nó obair ar luach comhionann idir fir agus mná a neartú trí shásraí trédhearcachta pá agus forfheidhmithe.

Treoir (AE) 2022/2381 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Samhain 2022 maidir le feabhas a chur ar an gcothromaíocht inscne i measc stiúrthóirí cuideachtaí liostaithe agus bearta gaolmhara.

Treoir (AE) 2019/1158 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le cothromaíocht oibre is saoil do thuismitheoirí agus do chúramóirí agus lena n-aisghairtear Treoir 2010/18/AE ón gComhairle.

Treoir (AE) 2019/882 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 i ndáil leis na ceanglais inrochtaineachta le haghaidh táirgí agus seirbhísí.

Treoir 2006/54/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Iúil 2006 maidir le cur chun feidhme phrionsabal an chomhionannais deiseanna agus na córa comhionainne idir fir agus mná i gcúrsaí fostaíochta agus slí beatha.

Treoir 2000/78/CE ón gComhairle an 27 Samhain 2000 lena mbunaítear creat ginearálta le haghaidh na córa comhionainne san fhostaíocht agus sa tslí bheatha.

Treoir 2000/43/CE ón gComhairle an 29 Meitheamh 2000 lena gcuirtear chun feidhme prionsabal na córa comhionainne idir daoine gan beann ar thionscnamh ciníoch nó eitneach.

3. Comhairle an Aontais Eorpaigh

Moladh ón gComhairle an 9 Márta 2026 maidir le caipiteal daonna san Aontas Eorpach (C/2026/1687)

Rún ón gComhairle an 29 Meitheamh 2026 maidir leis an dara timthriall den chreat straitéiseach le haghaidh comhar Eorpach san oideachas agus san oiliúint i dtreo an Limistéir Eorpaigh Oideachais (2026-2030) (C/2026/3720)

Moladh ón gComhairle an 24 Meitheamh 2025 maidir le Clár Oibre Beartais an Limistéir Eorpaigh Taighde 2025-2027 (C/2025/3593)

Moladh ón gComhairle an 30 Deireadh Fómhair 2020 a bhaineann leis an Nasc leis an bhFostaíocht – An Ráthaíocht don Aos Óg a Threisiú agus a chuirtear in ionad Mholadh an 22 Aibreán 2013 ón gComhairle maidir le Ráthaíocht don Aos Óg a bhunú (2020/C 372/01)

Moladh ón gComhairle maidir le hoideachas agus cúram na luath-óige: spriocanna Barcelona do 2030 (2022/C 484/01)

Moladh ón gComhairle an 8 Nollaig 2022 maidir le rochtain ar chúram fadtéarmach inacmhainne ar ardchaighdeán (2022/C 476/01)

Moladh ón gComhairle an 12 Márta 2021 maidir le comhionannas, cuimsiú agus rannpháirtíocht na Romach (2021/C 93/01)

Moladh ón gComhairle an 14 Meitheamh 2021 lena mbunaítear Ráthaíocht Eorpach do Leanaí ((AE) 2021/1004)

Conclúidí ón gComhairle maidir leis an gcibearfhoréigean in aghaidh cailíní a chosc agus a chomhrac (11254/26)

Conclúidí ón gComhairle maidir le Tosaíochtaí an Aontais Eorpaigh ag Fóraim de chuid na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine in 2026 (5835/26)

Conclúidí ón gComhairle maidir leis an gComhionannas Inscne a Chur Chun Cinn i Ré Dhigiteach Faoi Thionchar na hIntleachta Saorga: an 6ú athbhreithniú cothrománach ar chur chun feidhme Chlár Oibre Gníomhaíochta Bhéising arna dhéanamh ag na Ballstáit agus ag institiúidí an Aontais (9984/25)

Conclúidí ón gComhairle maidir le tacú le daoine scothaosta barr a gcumais a bhaint amach ar an margadh saothair agus sa tsochaí (10610/25)

Conclúidí ón gComhairle agus ó ionadaithe rialtais na mBallstát, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle, maidir leis na cláir oibre beartais Eorpacha agus idirnáisiúnta maidir le leanaí, an óige agus cearta an linbh (C/2024/3528)

Conclúidí ón gComhairle maidir le ganntanais lucht saothair agus scileanna san Aontas: Acmhainneacht saothair neamhshaothraithe a shlógadh san Aontas Eorpach (16556/24)

Conclúidí ón gComhairle maidir le cuimsiú sóisialta daoine faoi mhíchumas a chothú trí fhostaíocht, freastal réasúnta agus athshlánú (16543/24)

Conclúidí ón gComhairle maidir le cumhachtú eacnamaíoch agus neamhspleáchas airgeadais na mban mar bhealach chun comhionannas inscne substainteach a bhaint amach (9752/24)

Conclúidí ón gComhairle maidir le haistriú córas cúraim ar feadh an tsaoil i dtreo samhlacha tacaíochta iomlánaíocha, duinelárnaithe agus pobalbhunaithe a bhfuil gné na hinscne ag baint leo (16094/23)

Conclúidí ón gComhairle maidir leis an Aosú a Phríomhshruthú i mBeartais Phoiblí (6976/21)

Conclúidí ón gComhairle an dar dteideal: Freagairt ar an liosta gníomhaíochtaí ón gCoimisiún lena gcuirfear comhionannas leispiach, aerach, déghnéasach, trasinscneach agus idirghnéasach (LGBTI) ar aghaidh (10417/16)

4. An Coimisiún Eorpach

Straitéis 2026-2030 maidir le Comhionannas Inscne, COM (2026) 113 final.

Straitéis Frithchiníochais 2026-2030, COM(2026) 12 final.

Straitéis um Chomhionannas LADTIA+ 2026-2030, COM(2025) 725 final.

Teachtaireacht maidir leis ‘An Straitéis maidir le cearta daoine faoi mhíchumas a fheabhsú suas le dtí 2030’, COM (2026) 541 final.

Treochlár um Chearta na mBan. (6756/25. Tagairt an Choimisiúin: COM (2025) 97 final.

Creat straitéiseach nua an Aontais le haghaidh chomhionannas, chuimsiú agus rannpháirtíocht na Romach, SWD (2020) 530 final.

Straitéis an Aontais maidir leis an bhfrithsheimíteachas a chomhrac agus an saol Giúdach a chothú 2021-2030, COM(2021) 615 final

Deireadh a chur le timthriall na bochtaineachta – an Ráthaíocht Eorpach do Leanaí a neartú (COM (2026) 539 final)

Straitéis an Aontais um Chothroime Idirghlúine (COM/2026/110 final)

The gender investment gap affecting both women-led companies and women-led investment funds [An bhearna infheistíochta idir na hinscní a dhéanann difear do chuideachtaí atá faoi stiúir ban agus do chistí infheistíochta atá faoi stiúir ban araon] – Tuarascáil chríochnaitheach (an Coimisiún Eorpach: Gníomhaireacht Feidhmiúcháin na Comhairle Nuálaíochta Eorpaí agus na bhFiontar Beag agus Meánmhéide (EISMEA)), Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2025, https://data.europa.eu/doi/10.2826/6606184.

Inequalities and disabilities research in the EU, Towards a fair and equal access to health, education and employment [Taighde ar neamhionannais agus ar mhíchumais san Aontas Eorpach, I dtreo rochtain chothrom chomhionann ar shláinte, ar oideachas agus ar fhostaíocht], Deireadh Fómhair 2025.

Compás Iomaíochais don Aontas Eorpach, An Compás Iomaíochais - An Coimisiún Eorpach, 2025, COM(2025) 30 final.

Aontas na Scileanna, COM(2025) 90 final.

Tuarascáil Draghi: Straitéis iomaíochais don Eoraip, 2024, https://commission.europa.eu/topics/competitiveness/draghi-report_en#paragraph_47059.

An Ard-Stiúrthóireacht um Fhostaíocht, Gnóthaí Sóisialta agus Cuimsiú, *Employment and social developments in Europe 2025* [Fostaíocht agus Forbairtí Sóisialta san Eoraip], 2025, https://data.europa.eu/doi/10.2767/9505984.

A European Care Strategy for caregivers and care receivers [Straitéis Cúraim na hEorpa le haghaidh cúramóirí agus faighteoirí cúraim], 2022.

Colún Eorpach na gCeart Sóisialta, 2017.

The European Pillar of Social Rights Action Plan [Plean Gníomhaíochta Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta] (COM(2021)102 final)

Teachtaireacht maidir le Colún Eorpach na gCeart Sóisialta an 22 Iúil 2026 (COM(2026) 650 final)

Cinneadh ón gCoimisiún an 24.1.2024 lena mbunaítear an Oifig Eorpach um Intleacht Shaorga (C/2024/390).

5. Eorabharaiméadar

Eorabharaiméadar, Idirdhealú san Aontas Eorpach, 2023, https://europa.eu/eurobarometer/surveys/detail/2972.

6. Oifig Staidrimh an Aontais Eorpaigh (Eurostat)

Eurostat, Staidreamh inscne, 2025, https://ec.europa.eu/eurostat/statistics-explained/index.php?title=Gender_statistics.

Eurostat, An Bhearna Phinsin idir na hInscní, 2024, Pinsean na mBan 25 % níos ísle ná pinsean na bhfear in 2024 – Ailt nuachta – Eurostat

7. An Foras Eorpach chun Dálaí Maireachtála agus Oibre a Fheabhsú (Eurofound)

Eurofound, Breithniú: Tuilleadh taithí maidir le trédhearcacht agus éifeachtacht pá idir na hinscní a chur chun feidhme, 2025, https://www.eurofound.europa.eu/en/publications/all/taking-stock-further-experiences-in-gender-pay-transparency-implementation-and-effectiveness.

Eurofound,Cúram neamhíoctha san Aontas Eorpach, 2025, https://www.eurofound.europa.eu/en/publications/all/unpaid-care-eu.

EurofoundDul chun cinn a dhéanamh i dtreo sochaí chúraim: aghaidh a thabhairt ar an mbearna chúraim idir na hinscní, 2025.

Eurofound (2026), Suirbhé ar Dhálaí Oibre san Eoraip, 2024: *Overview report* [Suirbhé ar Dhálaí Oibre san Eoraip 2024: forléargas], Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, Lucsamburg, 2026.

Eurofound, Margaí saothair atá ag athrú: *How to prevent a mismatch between skills and jobs in times of transition* [Margaí saothair atá ag athrú: Conas neamhréir idir scileanna agus poist a chosc le linn an aistrithe], 2023, *Changing labour markets:How to prevent a mismatch between skills and jobs in times of transition* [Margaí saothair atá ag athrú: Conas neamhréir idir scileanna agus poist a chosc le linn an aistrithe] - Doiciméad eolais | Eurofound.

8. EIGE

EIGE, Tairbhí Eacnamaíocha an Chomhionannais Inscne san Aontas Eorpach, Tairbhí Eacnamaíocha an Chomhionannais Inscne san Aontas Eorpach | An Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne.

EIGE, Suirbhé CARE 2024 – An dara babhta: Suirbhé CARE 2024 - An dara babhta: Suirbhé painéil ar líne maidir le bearnaí inscne i gcúram neamhíoctha, i ngníomhaíochtaí aonair agus sóisialta, 2026, https://eige.europa.eu/publications-resources/publications/sharing-care-closing-gender-gaps-care-survey-2024?language_content_entity=en.

EIGE, 2025, Innéacs Comhionannais, https://eige.europa.eu/gender-equality-index/2025.

9. FRA

FRA, Muslamaigh san Eoraip, tá aghaidh á tabhairt acu ar chiníochas agus idirdhealú atá ag dul i méid i gcónaí, 2024, Muslamaigh san Eoraip, tá aghaidh á tabhairt acu ar chiníochas agus idirdhealú atá ag dul i méid i gcónaí | Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha.

FRA, Saol an Duine Ghoirm san Aontas Eorpach – Taithí daoine de bhunadh na hAfraice, 2023, https://fra.europa.eu/en/publication/2023/being-black-eu.

FRA, Suirbhé LADTIA III an Aontais, 2022, Suirbhé LADTIA III an Aontais | Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha.

FRA, Suirbhé 2024 maidir leis na Romaigh, 2024,suirbhé 2024 maidir leis na Romaigh | Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha.

FRA, Faireachán agus taifeadadh a dhéanamh ar an bhfrithsheimíteachas san Aontas Eorpach – Staid na himeartha agus bealaí chun cinn, 2026, Faireachán agus taifeadadh a dhéanamh ar an bhfrithsheimíteachas san Aontas Eorpach – Staid na himeartha agus bealaí chun cinn | Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha

10. An Banc Eorpach Infheistíochta (BEI)

Tacaíocht d'fhiontraithe ban: *Survey evidence for why it makes sense* [Tacaíocht d'fhiontraithe ban: Fianaise shuirbhé ar an bhfáth a bhfuil ciall léi], 2021, 2019

https://www.eib.org/en/publications/online/all/finance-female-entrepreneurs

11. An Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (ECFE)

ECFE (2015), *In It Together: Why Less Inequality Benefits All*, Foilseachán ECFE, Páras, https://doi.org/10.1787/9789264235120-en.

ECFE, *Combatting Discrimination in the European Union*, 2025, https://doi.org/10.1787/29c2c36a-en.

ECFE, *Over the Rainbow? The Road to LGBTI Inclusion*, 2020, Over the Rainbow? The Road to LGBTI Inclusion | ECFE .

ECFE,2019, *Society at a Glance 2019:* Táscairí Sóisialta ECFE, https://dx.doi.org/10.1787/soc_glance-2019-en.

ECFE, *Gender Equality and Economic Growth: Past progress and future potential*, Páipéir Oibre Sóisialta, Fostaíochta agus Imirce ECFE Uimh. 304, 2024, https://doi.org/10.1787/fb0a0a93-en.

ECFE, 2024, *Education at a Glance 2024: OECD Indicators*, Foilsitheoireacht ECFE, Páras, https://doi.org/10.1787/c00cad36-en.

12. Grúpa an Bhainc Dhomhanda

Grúpa an Bhainc Dhomhanda, 2014, *The economic cost of stigma and the exclusion of LGBT people : a case study of India*,The economic cost of stigma and the exclusion of LGBT people : a case study of India.

13. NA NÁISIÚIN AONTAITHE

An Coinbhinsiún ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas (UNCRPD), (2006).

An Coinbhinsiún um Chearta an Linbh (UNCRC), 1990

An Coinbhinsiún Idirnáisiúnta maidir le Gach Cineál Idirdhealaithe Chiníoch a Dhíothú (ICERD) 1965.

An Coinbhinsiún maidir le gach cineál Idirdhealaithe in aghaidh na mBan a Dhíothú (CEDAW), 1979.

Dearbhú agus Clár Oibre Gníomhaíochta Bhéising (Clár Oibre na Náisiún Aontaithe don chomhionannas inscne agus do chumhachtú na mban), 1995.

An Coinbhinsiún maidir le Foréigean agus Ciapadh, (Uimh. 190) (EIS), 2019

14. Acmhainní Eile

Open for Business, *The 2025 Open for Business City Ratings* , 2025, Open for Business City Ratings.

S&P Global, #ChangePays: *Although Still Underrepresented, Women in the C- Suite are Driving Profitability* , 2019, S&P Global